

# Bileog Ullmhúcháin Liotúirge

Do Cheiliúradh Lá na Chéad Chomaoineach *lasmuigh* d'Aifreann an Domhnaigh

*Táthar ag súil go ndéanfaí an bhileog phleanála seo a chríochnú ag cruinniú ina mbeidh ionadaithe teaghlach, ionadaithe scoile agus ionadaithe ó phobal an pharóiste i láthair. Tá roinnt moltaí tugtha maidir le hiomann, ach is féidir cur leis na moltaí seo. Má táthar ag cur leis na moltaí bíodh na roghanna breise oiriúnach, ag cinntiú go mbeidh na focail, le canadh, ar fáil don phobal.*

## RÉAMHNÓTAÍ

Dáta: \_\_\_\_\_

Am: \_\_\_\_\_

Socrú Aifrinn: \_\_\_\_\_

*Cuirfidh an suíomh Aifrinn, a mholtar anseo, ceol le canadh ar fáil do Chomhgháir an tSoiscéil, Is Naofa Naofa Naofa thú (Sanctus), Rúndiamhair an Chreidimh, A Uain Dé (Agnus Dei) agus an t-Áiméan Mór.*

### Ag ullmhú an tséipéil

Is maith le pobal an pharóiste, a bheith ag obair le múinteoirí agus le teaghlach, chun go mbeidh an séipeal áitiúil cairdiúil agus fáilteach do pháistí, agus chun ómós speisialta a léiriú don ócáid atá á cheiliúradh. Ach ba chóir na nithe seo a leanas a thabhairt chun chuimhne más gá:

- Comhartha omóis do Dhia atá i mbláthanna sa séipeal. Tá sé ceart go leor bláthanna a bheith sa sanctóir ach gan iad a bheith ar an altóir féin. Is féidir bláthanna a chur i halla/póirse an tséipéil freisin, mar chomhartha féilte agus fáilte. Níl sé oiriúnach bláthanna, coinnle nó rudaí eile a chur timpeall an taibearnacail le linn an Aifrinn.
- Níl aon riachtanas ann go mbeadh saothar ealaíne ullmhaithe ag na páistí chun an séipeal a mhaisiú. I gcásanna áirithe, is féidir leis an saothar ealaíne aire a bhaint ón liotúirge féin. B'fhéidir gur fearr, áfach, obair ealaíne na bpáistí a chur ar taispeáint i halla/póirse an tséipéil.

### Nótaí maidir le dáileadh na Comaoineach Naofa

- Tá sé inmhianaithe go nglacann an pobal Comaoineach Naofa ó abhlanna a bhí coisriche ag Aifreann na Chéad Chomaoineach, in ionad ó abhlanna a bhí curtha in áirithe sa taibearnacal.
- Tá sé inmhianaithe freisin go mbeadh Comaoineach Naofa ar fáil ón chailís ag an Aifreann seo agus ag gach ceiliúradh den Aifreann.
- Ba cheart go mbeadh ar eolas ag tuismitheoirí/caomhnóirí leanaí atá ag fulaingt ó choinníoll céiliach, go mbíonn rianta de ghlútan in abhlanna a dtugtar 'saor ó ghlútan' agus 'glútan íseal' orthu. Más fadhb é ábhar glútan ar bith a bheith in abhlann, b'fhéidir gur mian le tuismitheoirí/caomhnóirí go nglacfaidh a bpáiste Comaoineach ón gcalís amháin.

## NA DEASGHNÁTHA TOSAIGH

Iomann/Amhrán Tosaigh: \_\_\_\_\_

*Is féidir Mórshiúl Iontrála a shocrú. D'fhéadfaí na míreanna seo a leanas a bheith sa mhórshiúl: leabhar oibre/téacsleabhar, nó siombailí a thugann saol na bpáistí le chéile sa bhaile nó ar scoil, chun chuimhne. Ábhair eile a d'fhéadfaí a chur san áireamh ná: túiseán agus túis; cros; coinne mórshiúlacha; Leicseanár.*

### Moltaí ó I nGrá Dé (Beo go Deo):

- 'Alleluia' cumtha ag Bernard Sexton agus Máire Nuinseann (Beo go Deo 3, Téacs an Mhúinteora, lch. 249).
- 'Bailímis le Chéile' cumtha ag an tAth Peter O'Reilly agus Máire Nuinseann (Beo go Deo 4, Téacs an Mhúinteora, lch. 15).
- 'Seo é an Lá' cumtha ag Mary Amond O'Brien agus Fil Uí Dhubhghaill (Beo go Deo 4, Téacs an Mhúinteora, lch. 328-9).

Comhartha na Croise agus Beannú

### Gníomh Aithrí

Roghnaigh ó cheann díobh seo a leanas:

- Abair an Confiteor ('Adhmaim do Dhia uilechumhachtach ...')
- Can nó abair an Kyrie ('A Thiarna, déan trócaire ...') tar éis na ngairmeacha faoi stiúir an tsagairt.

*Nuair a cheiliúrtar Lá na Chéad Chomaoineach lasmuigh d'Aifreann an Domhnaigh, is feidir an Gloria a fhágáil ar lár, ach amháin más riachtanach do liotúirge an lae é.*

## LIOTÚIRGE AN BHRIATHAIR

*Nuair a cheiliúrtar Lá na Chéad Chomaoineach lasmuigh d'Aifreann an Domhnaigh, is féidir gach ceann nó roinnt de na léachtaí ó na scríoptúir, a thógáil ó Aifreann an lae, Aifreann na hIonadachta Chríostaí (Leicseanár III lch. 18 agus ina dhiaidh sin), nó Aifreann Móideach na hEocairiste Naofa (Leicseanár III lch. 768- 793). B'fhéidir go mba mhaith leat úsáid a bhaint as léachtaí a mbeadh ar eolas ag na páistí ón sraith I nGrá Dé. Tá tagairt tugtha dóibh sin thíos. Agus tá rogha iomlán de léachtaí ar fáil san aguisín a ghabhann leis an doiciméad seo. Cé is moite dóibh siúd a bhfuil lagú éisteachta acu, ní gá cóip d'focail na léachtaí a thabhairt don bpobal.*

### An Chéad Léacht

Téacs: \_\_\_\_\_

Moltaí ó I nGrá Dé (Beo go Deo):

- 1 Eoin 4: 7,11,12 ('Tugaimis grá dá chéile')
- 1 Corantaigh 11: 23-26 ('An Suipear Déanach')

*Ba chóir an chéad agus an dara léacht a bheith fógraithe ón Leicseanár nó ón mBíobla. Tugtar 'Ministir an Bhriathair' ar an duine a fhógraíonn Briathar Dé ag an Aifreann. Tá an duine seo traenála agus coimisiúnta don obair seo sa séipéal. Ní hamháin go ndéantar Briathar Dé a 'léamh' ag an Aifreann, déantar é a fhógairt. Mar sin, is é an duine is oiriúnaí chun Briathar Dé a fhógairt ná 'Ministir an Bhriathair' a bhfuil traenáil faighte aige/aici. Is fíor an méid seo freisin nuair is ceiliúradh Aifreann na Chéad Chomaoineach atá i gceist.*

Fógraithe ag: \_\_\_\_\_

## Salm le Freagra

Faoi cheannas: \_\_\_\_\_

Moltaí ó *I nGrá Dé* (Beo go Deo):

- 'Is é an Tiarna m'Aoire' (Salm 23) (Beo go Deo 4, Téacs an Mhúinteora, lch. 236).

*Ba chóir an salm a chanadh. Tá sé faoi cheannas an salmaire, an cantaire nó an cór. Ba cheart cabhair a thabhairt don phobal agus do na ministrí éagsúla páirt a ghlacadh agus an freagra ar an salm a chanadh.*

## Comhgháir an tSoiscéil

*Ba chóir Comhgháir an tSoiscéil a chanadh. Déanann an pobal agus na ministrí éagsúla an chomhgháir a chanadh arís i ndiaidh an chantaire/chóir. Canann an cantaire nó an cór na véarsaí leo féin. Déanann an pobal agus na ministrí eile an chomhgháir a chanadh arís i ndiaidh gach véarsa.*

Cantóir an véarsa: \_\_\_\_\_

## An Soiscéal

Fógartha ag: \_\_\_\_\_ (sagart/deagánach)

Moltaí ó *I nGrá Dé*:

- Lúcas 10:38-42 (Máire agus Marta)
- Eoin 13:3-5, 14-17 (Íosa ag ní cosa a dheisceabal)
- Matha 26:26-28 (An Suipeár Déanach)
- Eoin 6:1-5, 7-13 (Na builíní agus na bric)

## Guí an Phobail

*Is é an deagánach a thugann intinní Guí an Phobail. In éagmais an deagánaigh, cuireann ionadaithe eile, ón phobal atá bailithe, na hintinní i láthair – ionadaithe an pharóiste, na tuismitheoirí, foireann na scoile agus leanaí atá i gceist. Go hidéalach, áfach, cuireann duine amháin na hintinní i láthair, ionas go gcuirfí an fócas ar na hintinní, in ionad ar an duine a thugann iad. Nuair a chuireann duine de na páistí, atá ag glacadh páirt sa Chomaoineach Naofa don chéad uair, na hintinní i láthair, bheadh sé ciallmhar go mbeadh téacs na n-intinní cumtha ag na páistí iad féin.*

## INTINNÍ SAMPLACHA

### Réamhrá ón sagart

1. Guímid ar son ár dteaghlach;  
(*Sos chun guí*)  
go bhfeice siad beannachtaí Dé ina saol,  
agus go gcoimeádfaidh Dia slán sábháilte iad.  
A Thiarna éist linn.
2. Guímid ar son ár sagart (sagairt) agus ár múinteoir(i)  
(*Sos chun guí*)  
go mbeannóidh Dia a gcuid dea-obair.  
A Thiarna éist linn.
3. Guímid ar son gach páiste atá ag glacadh Céad Comaoineach inniu;  
(*Sos chun guí*)  
go méadaí a ngrá do Dhia  
agus do mhuintir Dé go léir.  
A Thiarna éist linn.
4. Guímid ar son na ndaoine nach bhfuil go leor bia acu agus a mbíonn ocrach go minic.  
(*Sos chun guí*)  
go roinnimid leo as an méid atá againn.  
A Thiarna éist linn.

5. Guímíd ar son an domhain;  
(*Sos chun guí*)  
go dtugaimid aire dó i gcónaí.  
A Thiarna éist linn.

### Conclúid an tSagairt

## LIOTÚIRGE NA HEOCAIRISTE

*Ullmhú agus Cur i Láthair na mBronntanas: Is iad na bronntanais amháin ba chóir a thabhairt ar aghaidh ag an am seo ná arán agus fíon, agus aon airgead nó bronntanais a bhí ar fáil ón bpobal a bhí bailithe.*

### Iomann Ofrála

- Ceol uirlise nó moladh ó I nGrá Dé (Beo go Deo)  
'Tagaimis le Chéile' (Beo go Deo 3, Téacs an Mhúinteora, lch. 272-3).

Canann an pobal agus na ministrí go léir na codanna seo go léir den Aifreann:

- 'Sanctus' (Beo go Deo 3, Téacs an Mhúinteora, lch. 345).
- 'Fógra an Chreidimh' (Beo go Deo 3, Téacs an Mhúinteora, lch. 346).
- 'Amen' (Beo go Deo 3, Téacs an Mhúinteora, lch. 346).
- 'Agnus Dei' (Beo go Deo 3, Téacs an Mhúinteora, lch. 348).

*Is féidir le páiste An Urnaí roimh Chomaoineach a threorú (Féach Paidreacha roimh Chomaoineach)*

Iomann/Amhrán Comaoineach: \_\_\_\_\_

Moltaí ó I nGrá Dé (Beo go Deo):

- 'Arán na Beatha' (Beo go Deo 4, Téacs an Mhúinteora, lch. 101)
- 'Ithigí an t-Arán Seo' (Beo go Deo 3, Téacs an Mhúinteora, lch. 284)

*Is féidir le páiste An Urnaí tar éis Comaoineach a threorú (Féach Paidreacha tar éis Comaoineach)*

## AN DEASGHNÁTH DEIRIDH

Iomann/Amhrán Deiridh: \_\_\_\_\_

Moltaí ó I nGrá Dé (Beo go Deo):

- 'Seo é an Lá' (Beo go Deo 4, Téacs an Mhúinteora, lch. 328-9).
- 'Solas Chríost' (Beo go Deo 8, Téacs an Mhúinteora, lch. 330-1).
- 'Déanaimid 'Seo i gCuimhne ar Íosa' (Beo go Deo 3, Téacs an Mhúinteora, lch. 306-7).